

---

# Gearrchúrsa

## Fiontraíocht sa Bheochan

Sonraíocht Leibhéal 2 do Ghearrchúrsa de chuid na  
Sraithe Sóisearaí



# An Clár Ábhar

Gearrchúrsaí agus Clár Foghlama Leibhéal 2	3
Réasúnaíocht	5
Aidhm	6
Forbhreathnú: Naisc	7
Forbhreathnú: Cúrsa	11
Ionchais maidir leis an scoláire	13
Torthaí foghlama	13
Measúnú agus tuairisciú	19
Aguisín 1: Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí	22

# Gearrchúrsaí agus Cláir Foghlama Leibhéal 2

## Cláir

Sa tsraith shóisearach nua, ba cheart go mbeadh scoláire a bhfuil an gearrchúrsa seo á dhéanamh aige ag leanúint Chlár Foghlama Leibhéal 2 (L2LP) mar aon le comhpháirteanna curaclaim eile.

Pleanáiltear Cláir Foghlama Leibhéal 2 bunaithe ar Aonaid Foghlama Tosaíochta dhifriúla ina ndírítear ar scileanna pearsanta, sóisialta agus praiticiúla an scoláire a fhorbairt. Mar aon leis na hAonaid Foghlama Tosaíochta, féadfaidh an scoláire staidéar a dhéanamh ar ghearrchúrsaí ag a bhfuil torthaí foghlama atá ailínithe go ginearálta leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1). Is é Fiontraíocht sa Bheochan an chéad cheann de na gearrchúrsaí seo atá forbartha ag CNCM.

Is iondúil gurb é an sprioc-scoláire a ndírítear Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus gearrchúrsaí Leibhéal 2 air an scoláire a bhfuil riachtanais foghlama shuntasacha aige. Beidh roinnt de na sprioc-scoláirí i gcatagóir íseal-mheánach chuig ard-mheánach de mhíchumas foghlama de bharr measúnú foirmiúil a rinne síceolaí oideachais agus plean foghlama pearsantaithe ag an scoláire fad is a bhí sé sa bhunscoil. Sa chomhthéacs sin, dearadh na Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus na gearrchúrsaí do scoláire a bhainfeadh tairbhe as deiseanna chun foghlaim agus scileanna a fheabhsú i réimsí ar nós litearthacht agus uimhearthacht bhunúsach, teanga agus cumarsáide, scileanna soghluaisteachta agus fóillíochta, comhordú luaille agus forbairt shóisialta agus phearsanta. Cuirtear deis ar fáil sna Cláir Foghlama Leibhéal 2 freisin don scoláire an fad ama is féidir leis díriú ar ghníomhaíochtaí a fheabhsú, mar aon lena chumas chun eolas agus scileanna a ghinearálú agus a aistriú thar chásanna áirithe, agus chun eolas a phróiseáil ó níos mó ná cainéal céadfach amháin.

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar taithí a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Is taithí d'ardchaighdeán a bhíonn iontu seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht agus le fiontar. Tógann clár na sraithe sóisearaí ar an bhfoghlaim a rinne an scoláire sa bhunscoil. Tacaíonn sé leis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama. Cabhraíonn sé leis an scoláire chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leo tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil i ndiaidh na scoile.

# Réasúnaíocht

Tá an-luach ar an bhfiontraíocht i ndomhan an lae inniu. Éilíonn sé cruthaitheacht, athléimneacht agus obair bhuíne mhaith. Meallann beochan daoine óga. Cuireann na scileanna a bhaineann le beochan sa ghearrchúrsa seo forbairt réimse scileanna sóisialta, praiticiúla agus TFC chun cinn i gcomhthéacs mionchuideachta beochan-bhunaithe a bhunú. Forbraítear scileanna agus eolas maidir le fiontraíocht, comhoibriú agus léirthuisicint bhunúsach ar bhéasaíocht ghnó bhuntúsúil fad is a nochtar leanúint próisis agus réimse trealamh TFC don scoláire. Gabhann an cúrsa spéis an scoláire mar gheall ar na deiseanna féideartha atá ann chun a shamhlaíocht a úsáid. Forbraítear eolas agus scileanna praiticiúla trí naisc le tionscadail chruthaitheacha, cumarsáid agus litearthacht.

# Aidhm

Tá sé mar aidhm leis an ngearrchúrsa Fiontraíocht sa Bheochan forbairt scileanna fiontraíochta agus teicneolaíochta a éascú fad is a ionchorpraítear forbairt bunscileanna saoil cosúil le smaointeoireacht chriticiúil, nuálaíocht agus cinnteoireacht chomhoibritheach.

# Forbhreathnú: Naisc

Léiríonn Táblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhféadfaí fiontraíocht sa bheochan a nascadh le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

## Fiontraíocht sa Bheochan agus ráitis foghlama

Tábla 1: Naisc idir fiontraíocht sa bheochan agus na ráitis foghlama

Ráitis Foghlama	
Ráiteas	Samplaí d'fhoghlaim ghaolmhar sa chúrsa
RF 4: Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist.	I snáithe 1, 3 agus 4 bíonn an scoláire páirteach i ngach gné de phróiseas cruthaitheach na beochana. Feictear an tábhacht a bhaineann le seicheamhú agus foighne i bpróiseas cruthaitheach.
RF 20: Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha.	Le linn seit/carachtar a chruthú, foghlaimíonn an scoláire chun an ceann is fearr a fháil ar dhúshlán dearaidh mar dhuine aonair agus mar chuid de ghrúpa trí Aipeanna éagsúla a úsáid mar aon le cláir i gcomhair táibléad agus ríomhairí glúine. Chomh maith leis sin, foghlaimíonn an scoláire an chaoi chun radhairc a thógáil ó uilleannacha difriúla ach úsáid a bhaint as na gairis chúí.
RF 21: Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla.	Úsáideann an scoláire na scileanna a fhoghlaimítear in ábhair eile cosúil le Teicneolaíocht agus/nó Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) agus oibríonn sé ar an ngearrchúrsa seo sna ranganna sin.
RF 22: Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta.	I snáithe 3 agus 4, foghlaimíonn an scoláire chun fadhbanna a réiteach agus deiseanna a shainaitheint. Tríd an bpróiseas agallaimh, obair chomhoibritheach agus taighde margaidh, forbraíonn an scoláire

	scileanna gnó agus fiontraíochta.
RF 23: Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.	Cruthaítear léiriú beochana gearr mar bhailchríoch ar an gcúrsa. Chun é sin a dhéanamh, oibríonn an scoláire leis féin agus mar chuid de ghrúpa trí gach céim den phróiseas.



# Fiontraíocht sa Bheochan agus príomhscileanna agus Aonaid Foghlama Tosaíochta

I dteannta lena n-inneachar agus eolas sonrath, cuireann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna ar fáil do scoláirí réimse príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil.

Fíor 1: Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



I dTábla 2 thíos tugtar liosta de na haonaid, de roinnt gnéithe de na haonaid sin agus na cineálacha gníomhaíochtaí foghlama bainteacha a chabhróidh leis an scoláire torthaí foghlama agus gnéithe na n-

aonad a bhaint amach.

Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna na sraithe sóisearaí a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

Tábla 2: Naisc idir gnéithe de na haonaid agus gníomhaíocht foghlama an scoláire

<b>Aonad Foghlama Tosaíochta</b>	<b>Gné an aonaid</b>	<b>Gníomhaíocht foghlama an scoláire</b>
Cumarsáid agus litearthacht	Ealaíona mothúchána a úsáid chum cumarsáid a dhéanamh.  Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a úsáid i gcomhair réimse críoch.	Maidir leis an scoláire: <ul style="list-style-type: none"> <li>• glacann sé páirt i bhfógra chun fógraíocht a dhéanamh ar bheochan ghearr</li> <li>• cuireann sé guth carachtair ar fáil i mbeochan ghearr</li> </ul> úsáideann sé teicneolaíocht beochan íomhá ar íomhá ar an táibléad/nguthán chun gluaiseachtaí carachtair a thaifeadh.
Uimhearthacht	Sonraí a úsáid i gcomhair réimse críoch.	Déanann an scoláire na nithe seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>• fiosraíonn sé agus oibríonn sé leis na sonraí ó shuirbhé taighde margaidh agus rianaíonn sé na torthaí.</li> <li>• ríomhann sé an líon grianghraf atá ag teastáil chun soicind amháin de scannán a chruthú agus ríomhtar fad an scannáin atá le cruthú.</li> </ul>
Cónaí i bpobal	Caidrimh dhearfacha a chothú	Oibríonn an scoláire go comhoibritheach nuair atá tobsmaointeoireacht á déanamh aige ar mhaithe le seit, carachtar agus scéalchlár a chruthú.
Cúram pearsanta	Cinntí Pearsanta a Dhéanamh	Tá roghanna os comhair an scoláire maidir le cosán an scéalchláir. Fiosraítear iarmhairtí na gcinntí maidir le dearadh i rith agus ag deireadh an tionscadail bheochana.

Ullmhú don obair	<p>Ag réiteach do ghníomhaíocht a bhaineann le hobair.</p> <p>Ag glacadh páirt i ngníomhaíocht a bhaineann le hobair.</p>	<p>Foghlaimíonn an scoláire faoi na ról éagsúla i ngnó. Meaitseáiltear a scileanna leis na ról sin. Faightear cleachtadh ag comhlánú foirmeacha iarratais, réiteach i gcomhair agallamh agus dul faoi agallamh mar chuid den chúrsa.</p>
------------------	---	--

# Forbhreathnú: Cúrsa

Díríonn an tsonraíocht don ghearrchúrsa seo de chuid na sraithe sóisearaí i bhfiontraíocht sa bheochan ar scileanna cognaíocha, sóisialta agus praiticiúla a fhorbairt trí cheithre shnáithe nasctha. Is iad na ceithre shnáithe a chuirtear i láthair anseo ná: **Snáithe 1** – Beochan íomhá ar íomhá; **Snáithe 2** – Do chuideachta beochana féin a chruthú; **Snáithe 3** – Clárscéal agus tógáil seit; **Snáithe 4** – Ár bpríomhléiriú.

**Snáithe 1** – Beochan íomhá ar íomhá.

Tugtar buneolas faoi shaol na beochana don scoláire sa snáithe seo. Foghlaimíonn sé faoin bhfoclóir agus faoi na bunphróisis a theastaíonn agus déanann sé a chéad phíosa beochana.

**Snáithe 2** – Do chuideachta beochana féin a chruthú.

Tugtar buneolas faoi shaol an ghnó don scoláire, foghlaimíonn sé faoi ról, aitheantas cuideachta agus faoi úsáidí bunúsacha an taighde margaidh.

**Snáithe 3** – Clárscéal agus tógáil seit.

Spreagtar an scoláire sa snáithe seo chun cruthaitheacht agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt. Forbraíonn an scoláire a scéalchlár féin maidir le hábhar spéise agus cruthaíonn sé dearadh seit le húsáid i Snáithe 4.

**Snáithe 4** – Ár bpríomhléiriú.

Is é seo an snáithe ina bhfeictear obair fiontraíochta agus beochan ag teacht le chéile, agus an próiseas cruthaitheach maidir leis an mbeochan féin a dhéanamh, margaíocht a dhéanamh uirthi agus í a chur os comhair lucht féachana sa deireadh thiar.

Dearadh an cúrsa ionas go dtabharfar faoi san ord ina leagtar amach na snáitheanna anseo.

Spreagtar obair bhuíne ar fud na gceithre shnáithe. Bíonn an scoláire ag comhoibriú, i mbun míniú

piaraí, ag lorg

aiseolais, ag tabhairt aiseolais agus ag déanamh machnaimh ar a chuid oibre. Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí foghlama praiticiúla, teagmhálacha agus ina dtugtar faoi réiteach fadhbanna le feiceáil i ngach cuid de thrí shnáithe an chúrsa mar aon le deiseanna chun machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim.

Léiríonn an Measúnú Rangbhunaithe a dtugtar breac-chuntas air thíos an fhoghlaim a dhéanfaidh an scoláire sa ghearrchúrsa seo ó CNCM. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa a d'fhorbair CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile, seachas an Measúnú

Rangbhunaithe, a dhéanfaidh gach scoláire a thugann faoin ngearrchúrsa seo. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt ar [http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle\\_Short-Courses](http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle_Short-Courses).

Ailínítear na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo go ginearálta leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Dearadh an cúrsa le haghaidh thart ar 100 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire.

# Ionchais maidir leis an scoláire

Is scáth-théarma é *ionchais maidir leis an scoláire* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar an scoláire. I gcás na ngearrchúrsaí a d'fhorbair CNCM, beidh samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama ar fáil. D'fhéadfadh go rachadh sé chun tairbhe scoile a dhearann a cuid gearrchúrsaí féin taisce samplaí d'obair an scoláire a chruthú le haghaidh plé agus tagartha amach anseo.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na *torthaí foghlama* a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar cheart don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó an gearrchúrsa fiontraíocht sa bheochan sa tsraith shóisearach a chur i gcrích. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir (thart ar 100 uair an chloig).

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin.

## Snáithe 1: Beochan íomhá ar íomhá

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
<b>Cad is Beochan ann?</b>	<p>1.1 an foclóir lárnach a bhaineann leis an bpróiseas beochana íomhá ar íomhá a úsáid i gceart</p> <p>1.2 an difríocht a aithint idir na cineálacha beochan íomhá ar íomhá</p> <p>1.3 na míreanna a úsáidtear i samplaí de scannáin bheochana m.sh. carachtair, prapaí nó seiteanna a úsáidtear a liostú agus a rangú</p>
<b>Ag Foghlaim le bheith Cruthaitheach</b>	<p>1.4 an trealamh riachtanach chun beochan a chruthú a shainaithint</p> <p>1.5 míreanna a aimsiú sa seomra ranga agus sa bhaile a d'fhéadfaí a úsáid mar phrapaí nó mar charachtair nó mar chuid den seit</p> <p>1.6 cuairteoirí chuig an seomra ranga nó turas oideachais a úsáid chun tuilleadh a fhoghlaim faoi phróisis bheochana</p> <p>1.7 ábhair a úsáid chun carachtair a chruthú le bheith i bpíosa físe beochana</p> <p>1.8 foighne a léiriú agus beochan ar siúl</p>
<b>Trealamh agus Próiseas</b>	<p>1.9 na bunrialacha beochana a leanúint</p> <p>1.10 feidhmchlár/clár déanta scannáin ar ghaireas leictreonach a úsáid chun grianghraif a thógáil de frámaí</p>
<b>An Chéad Ghearrthóg Beochana</b>	<p>1.11 a léiriú conas carachtar a bhogadh ar seit go héifeachtach</p> <p>1.12 éifeachtaí speisialta agus cleasa a léiriú</p> <p>1.13 físeán deich soicind de charachtar ag gníomhú a léiriú</p>



## Snáithe 2: Do chuideachta beochana féin a chruthú

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
<p><b>Bunúis i nGnó</b></p> <p><b>Róil Cuideachta a Shannadh</b></p>	<p>2.1 na poist/róil éagsúla atá i gcuideachta beochana a liostú</p> <p>2.2 breac-chuntas a thabhairt ar na freagrachtaí a bhaineann le gach ról</p> <p>2.3 a mbuanna féin a ainmniú agus cinneadh a dhéanamh faoi na ról is fearr leo</p> <p>2.4 foirm iarratais agus/nó curriculum vitae a chomhlánú</p>
<p><b>Aitheantas na Cuideachta</b></p>	<p>2.5 páirt a ghlacadh in agallamh an-ghearr (2 nóiméad) do ról sa chuideachta ghrúpa</p> <p>2.6 páirt a ghlacadh ar chinneadh a dhéanamh ar ainm cuideachta, i róil shocraithe laistigh de ghrúpaí<sup>1</sup></p>
<p><b>Taighde Margaidh</b></p>	<p>2.7 an tábhacht a bhaineann le hainm/lógó cuideachta oiriúnach a mhíniú</p> <p>2.8 cur le cinnteoireacht chomhoibritheach maidir le lógó na cuideachta</p> <p>2.10 cur síos a dhéanamh ar thaighde margaidh agus an úsáid a bhaintear as</p> <p>2.12 suirbhé a chruthú agus a dhéanamh/snáithe scéil a chinneadh a</p>
	<p>taitneodh le ranganna eile i scannán beochana</p> <p>2.13 cairt a chruthú chun torthaí an tsuirbhé a léiriú</p> <p>2.14 cinneadh cuideachta a dhéanamh maidir le seánra an phríomhléirithe bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé</p>

<sup>1</sup> Nach mó ná seachtar i ngrúpa más féidir é in aor chor

### Snáithe 3: Clárscéal agus tógáil seit

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Clárscéalta	<p>3.1 feidhm clárscéalta a shainaithint</p> <p>3.2 teicníc na tobsmaointeoireachta a úsáid chun seit agus cliar carachtar do scéal an ghrúpa a shainaithint</p> <p>3.3 oibriú go comhoibritheach sa ghrúpa chun clárscéal a chruthú ina bhfuil carachtair a aontaíodh cheana</p> <p>3.4 frámaí an chlárscéil a chur san ord ceart</p>
Dearadh agus seit	<p>3.5 modhanna a shainaithint chun carachtair/seiteanna láidre agus daingne</p>
Seit	<p>a thógáil</p> <p>3.6 cur le hiarracht an ghrúpa chun na prapaí, carachtair, agus na seiteanna a chruthú....</p>

## Snáithe 4: Ár bpríomhléiriú

<b>Foghlaimíonn an scoláire faoi</b>	<b>Torthaí foghlama</b> <b>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire</b>
<b>Radhairc a thaifeadadh</b>	4.1 an scéalchlár a leanúint chun an grúpa ceart prapaí, carachtar agus seiteanna a úsáid san ord ceart  4.2 teicnící a foghlaimíodh i snáithe 1 a úsáid chun carachtair a athrú i ngach radharc  4.3 dul chun cinn na beochana a sheiceáil go rialta lena chinntiú go leanann sí go réidh
<b>Fuaim, introir</b>	4.4 páirt a ghlacadh i gcinneadh grúpa chun ceol a roghnú do na creidiúintí oscailte agus dúnta.
<b>agus creidiúintí</b>	4.5 guth carachtair cuí a chur ar fáil i radharc amháin ar a laghad sa scannán  4.6 sraith líníochtaí/péinteálacha/sleamhnán a chruthú chun an scannán a chur i láthair  4.7 creidiúintí deiridh scannáin a chruthú i ngrúpa
<b>Margaíocht</b>	4.8 na bealaí ar féidir fógraíocht a dhéanamh ar an scannán a liostú  4.9 an scannán a fhógairt trí phóstaer nó fógra fuaime gairid a chruthú le craoladh ar ghléas idirchumarsáide nó fógra teilifíse bréige nó fógra digiteach a thaifeadadh
<b>Léiriú dár bpríomhléiriú</b>	4.10 cabhrú chun láthair oiriúnach a roghnú don léiriú
<b>a óstáil</b>	4.11 páirt a ghlacadh sa réiteach don óstáil trí scileanna eagraíochtúla cuí a úsáid

	<p>4.12 machnamh a dhéanamh ar an taithí maidir le gearrthóg ghairid a léiriú mar</p> <p>chuid de ghrúpa, rath, dúshláin agus an chaoi a bhféadfaí rudaí a dhéanamh difriúil an chéad uair eile a shainaitheint</p>
--	---

# Measúnú agus tuairisciú

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Tacaíonn an gearrchúrsa seo le héagsúlacht leathan cuir chuige i leith measúnú. Bíonn roinnt torthaí foghlama oiriúnach le haghaidh measúnú aon uaire, cuid eile le haghaidh measúnú ar bhonn leanúnach de réir mar a thugann an scoláire faoi ghníomhaíochtaí difriúla foghlama ar nós plé, míniú, cuir i láthair, pleanála, gníomhú agus ag leibhéal cuí, faisnéis a fháil. Sna comhthéacsanna sin, déanann an scoláire, i dteannta a mhúinteora agus a chomhscoláirí, machnamh ar a chuid foghlama féin agus ar fhoghlaim daoine eile agus tugann sé breithiúnas orthu trí bhreathnú ar chaighdeán na bpíosaí áirithe oibre (de réir a chumais). Pleanálann sé na chéad chéimeanna eile ina chuid foghlama, bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann agus a thugann sé. Is féidir le measúnú leanúnach tacú leis an scoláire ina aistear foghlama agus ina ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo.

Samhlaítear go dtabharfaidh an scoláire fianaise ar a fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear meáin dhigiteacha, taifid fuaime agus píosaí scríofa.

Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cuirfear dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire sna gearrchúrsaí, idir mheasúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an ngearrchúrsa seo, in iúl dá thuismitheoirí sa tuairisciú eatramhach agus i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá Acmhainní don Mheasúnú ar fáil ar líne chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna. Áireofar sna hAcmhainní don Mheasúnú ábhar tacaíochta a bhaineann le foghlaim, teagasc, measúnú agus tuairisciú.

# Measúnú Rangbhunaithe

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an tráth nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí sa mheasúnú sonracha/sna measúnuithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí na sraithe sóisearaí.

## Measúnú Rangbhunaithe: Mo Scéal san Fhiontraíocht sa Bheochan

Is ionann an Measúnú Rangbhunaithe seo agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i gceithre shnáithe an ghearrchúrsa, An Fhiontraíocht sa Bheochan. Ba cheart tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh an obair sna ceithre shnáithe a chur i gcrích.

Cuntas atá sa scéal a dhéantar sa Mheasúnú Rangbhunaithe ar thaithí an scoláire lena n-áirítear gné mhachnamhach chun na ceachtanna a foghlaimíodh agus na nithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach éagsúil a léiriú. Tugann sé deis don scoláire 'a bhfuil ar eolas aige' maidir le réiteach d'agallamh, maidir le próiseas na beochana agus tuiscint chuí ar róil agus nósanna imeachta i gcuideachtaí a léiriú trí leagan amach dá rogha féin. D'fhéadfadh comhoibriú le daoine eile a bheith ag teastáil chun taighde a dhéanamh ar an eolas le comhroinnt, eolas a fháil faoi, é a phleanáil agus a eagrú agus conas sin a dhéanamh. Cuireann sé le muinín agus spreagann sé idirghníomhú sóisialta le daoine eile. Tugann sé deis chomh maith scileanna a léiriú in oibriú leis an teicneolaíocht dhigiteach. Is féidir léirmhíniú sách leathan a dhéanamh ar an teideal. D'fhéadfaí aon fhormaid a áireamh sa Mheasúnú Rangbhunaithe – comhrá, rólghlacadh agallaimh, scéalchlár, físeán beochana<sup>2</sup>. D'fhéadfaí é a rá amach, a shíniú nó a dhéanamh trí ghaireas leictreonach a cheadaíonn don scoláire an scéal foghlama a insint. Cinntear an rogha leagan amach ón gcumas atá aige chun aird a tharraingt ar na héachtaí is fearr a bhain an scoláire amach i ndáil le heolas nó coincheapa a fhoghlaimíodh agus scileanna a forbraíodh.

## Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar an Measúnú Rangbhunaithe agus is iad na critéir a úsáidfidh an múinteoir chun Measúnuithe Rangbhunaithe an scoláire a mheas.

---

<sup>2</sup> Don scoláire a léiríonn scil áirithe sa bheochan, d'fhéadfaí an rogha a thabhairt dó an dara píosa scannáin beochana a dhéanamh ina n-inseofar taithí an scoláire ar an bhfoghlaim.

Beidh sonraí níos mionsonraithe ar fáil i dtreoirínte measúnaithe ar leith le haghaidh fiontraíocht sa bheochan maidir leis an measúnú agus tuairisciú sa ghearrchúrsa seo de chuid na sraithe sóisearaí, lena n-áirítear gnéithe cáilíochta agus sonraí faoi na socrúithe praiticiúla a bhaineann le measúnú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo. Cuimseoidh na treoirínte, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar don Mheasúnú Rangbhunaithe, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas ‘ar an iomlán’ a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

## Measúnú cuimsitheach

Is príomhghné de theagasc agus d’fhoghlaim ar scoil iad cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Ba cheart go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socrúithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidmiú an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir.

Bíonn oiriúntais a chuireann ar chumas gach scoláire teacht ar an gcuraclam agus measúnú bunaithe ar riachtanais shonracha. Mar shampla, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann clóscríobh go fisiciúil bogearraí deachtaithe atá saor in aisce a úsáid chun measúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann labhairt físeanna agus fotheidil a chur in iúl trí theanga chomharthaíochta agus a tharraingt/scríobh/chlóscríobh agus a chruthú le smaointe a chur i láthair agus in iúl. Má tá saindeacracht foghlama ag scoláire, d’fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as tascanna agus as gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear i láthair i mbealach difriúil. Tá treoirínte cuimsitheach ar chuimsiú in iar-bhunscoileanna ar fáil [anseo](#) agus tá treoirínte do mhúinteoirí scoláirí a bhfuil míchumais foghlama ghinearálta acu ar fáil [anseo](#).

# Aguisín 1: Na Táscairí Leibhéal le haghaidh Leibhéal 2 den

## Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na Táscairí Leibhéal le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Go hiondúil, baineann foghlaim bhunúsach faoi threoir dhea-thacaithe le deimhniú agus dámhachtainí Leibhéal 2. Is iondúil go mbíonn an raon eolais cúng. Tá foghlaim forbarthach ach d'fhéadfaí eolas, scileanna agus inniúlacht a bhaineann le réimsí áirithe foghlama a áireamh ann, m.sh. gnéithe den litearthacht agus den uimhearthacht agus foghlaim i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach ag an scoláire orthu.

<b>Leibhéal an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí Eolas</b>	<b>2</b> Tá eolas cúng sa raon sin
<i>Fairsinge</i>	
<b>Eolas</b> <i>Cineál</i>	Nithiúil i dtagairt agus bunúsach i dtuiscint
<b>Fios gnó agus scil</b> <i>Raon</i>	Raon teoranta scileanna bunúsacha, praiticiúla a léiriú, lena n-áirítear na huirlisí ábhartha a úsáid
<b>Fios gnó agus scil</b> <i>Roghnaíocht</i>	Seicheamh tascanna a dhéanamh faoi threoir shoiléir
<b>Inniúlacht</b> <i>Comhthéacs</i>	Feidhmiú i raon teoranta comhthéacsanna intuartha agus struchtúrtha
<b>Inniúlacht</b> <i>Ról</i>	Feidhmiú i raon ról, faoi threoir
<b>Inniúlacht</b> <i>Foghlaim le foghlaim</i>	Foghlaim le foghlaim ar bhealach smachtaithe i dtimpeallacht dhea-struchtúrtha agus mhaoirsithe.
<b>Inniúlacht</b> <i>Léargas</i>	Feasacht a léiriú ar ról neamhspleách dó féin